CINNEADH (CBES) 2021/1193 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Iúil 2021

lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Bhosnia agus sa Heirseagaivéin agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1340

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Lúnasa 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1340 ([1]) lena gceaptar Johann SATTLER mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Lúnasa 2021.

(2) Ba cheart síneadh 24 mhí a chur le sainordú ISAE agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

(3) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Johann SATTLER mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin go dtí an 31 Lúnasa 2023. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a shíneadh nó a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Airteagal 2

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1340 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Is é EUR 12 800 000 an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2023 a chumhdach.";

(2) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 31 Bealtaine 2023.".

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1340 ón gComhairle an 8 Lúnasa 2019 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (IO L 209, 9.8.2019, lgh. 10).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. PODGORŠEK